
# Carraig na Caillí

Séideán Sí



Tríona Ní Lionáin

Peter Donnelly a mhaisigh

# Carraig na Caillí



Tríona Ní Lionáin

Peter Donnelly a mhaisigh

An Gúm

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009

Obair ealaíne © an t-ealaíontóir

ISBN 978-1-85791-736-9

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Tríona Ní Lionáin a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

| | | |
|---|---|---|
| An Siopa Leabhar, | *nó* | An Ceathrú Póilí, |
| 6 Sráid Fhearchair, | | Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich, |
| Baile Átha Cliath 2. | | 216 Bóthar na bhFál, |
| *ansiopaleabhar@eircom.net* | | Béal Feirste BT12 6AH. |
| | | *leabhair@an4poili.com* |

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

| | | |
|---|---|---|
| Áis, | *nó* | International Education Services |
| 31 Sráid na bhFíníní, | | Eastát Tionsclaíoch Weston, |
| Baile Átha Cliath 2. | | Léim an Bhradáin, |
| *eolas@forasnagaeilge.ie* | | Co. Chill Dara. |
| | | *info@iesltd.ie* |

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

## Clár


| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Dé Sathairn | 5 |
| Caibidil 2 | Áthas agus Mórtas | 14 |
| Caibidil 3 | Poll an Éisc | 21 |
| Caibidil 4 | Carraig na Caillí | 27 |
| Caibidil 5 | Mise an Fear | 36 |
| Caibidil 6 | An Phraiseach ar fud na Mias | 45 |
| Caibidil 7 | An Lug ar an Lag | 52 |
| Caibidil 8 | Dorchadas | 58 |

# 1 Dé Sathairn

Dhúisigh Colm go luath ar maidin. Bhí sé ar tí casadh timpeall agus an blaincéad a tharraingt aníos air féin arís nuair a chuimhnigh sé gurb í maidin Dé Sathairn í. Go diail! Bhí sé socraithe aige féin agus ag Daid go mbeadh lá mór iascaigh acu inniu. Tháinig aoibh an gháire air. Amach leis as an leaba, tharraing sé air a chuid éadaigh agus bhrostaigh sé leis go dtí an chistin.

Ní raibh aon duine beo sa chistin. Gan dabht, bhí Mam imithe go dtí an mhonarcha éisc ag obair. Thosaíodh sí go luath gach aon mhaidin Shathairn. Agus Daid? Ní foláir nó go raibh

seisean thíos ar an gcé ag feistiú an bháid. Ní bhíodh aon leisce air siúd éirí ar maidin, bail ó Dhia air.

'Is ea,' arsa Colm leis féin. 'Ní fada anois go mbeidh mé féin agus Daid amuigh ar bharr na dtonn, amuigh ar an bhfarraige mhór.'

Bhuail sé faoi ag an mbord. Bheadh bricfeasta ceart ag teastáil uaidh má bhí sé le dul amach ag iascach! Ansin chonaic sé an nóta.



Thuig Colm ansin cad ina thaobh nach raibh a athair sa teach. Ní thíos ar an gcé ag feistiú an bháid a bhí sé ach amuigh le criú an bháid tharrthála. B'fhada le Colm go dtiocfadh sé ar ais. Chuimhnigh sé ar an dorú, na duáin agus an baoite a bhí fágtha sa bhád acu an oíche roimhe sin, agus b'fhada leis go n-úsáidfeadh sé iad. Ach chaithfeadh sé fanacht chun iad a úsáid go dtiocfadh a athair abhaile, pé acu luath nó mall é.

Ní dhearna sé a chuid obair bhaile an tráthnóna roimhe sin mar go raibh sé ag ullmhú don turas iascaireachta. Bheadh air tabhairt fúithi anois, mar sin. Tharraing sé chuige a mhála scoile go doicheallach. Bhí sé díreach ar tí an chéad leabhar a oscailt nuair a ardaíodh an laiste. Léim a chroí le háthas. Bhí Daid ar ais cheana féin!

Tháinig a athair isteach sa chistin agus é ag tarraingt na gcos. Chaith sé é féin isteach sa chathaoir uillinne cois na tine.

'Ba bhreá liom cupán tae,' ar seisean. 'Buail air an citeal, a Choilm, maith an buachaill. Táim traochta.'

Rinne Colm rud ar a athair. Bhí cuma thraochta air, ceart go leor, a ghruaig in aimhréidh agus gan é bearrtha in aon chor.

'Dhera, a Dhaid,' arsa Colm, 'beidh tú go diail a luaithe is a mhothaíonn tú cúrán na farraige ar d'aghaidh.'

Sin é a deireadh a athair leis féin i gcónaí dá mbeadh tuirse air agus iad ag dul amach ag iascach go luath ar maidin.

Níor fhreagair a athair é. Bhí an chuma air go raibh sé ag smaoineamh agus ag cuimhneamh. Ní dúirt sé aon rud go ceann tamaill.



'A Choilm,' arsa Daid faoi dheireadh, 'is trua liom go bhfuilim róthraochta chun tú a thabhairt amach ag iascach inniu. Glaodh amach orainn ar a haon a chlog ar maidin, an dtuigeann tú, agus táim amuigh ó shin.'

'Tuigim,' arsa Colm go pras agus cé go raibh díomá air d'éirigh leis na deora a stopadh.

Bhí Colm mórálach go raibh a athair ar chriú an bháid tharrthála. Níor mhaith leis, áfach, nuair a bhíodh sé amuigh i lár na hoíche, go háirithe nuair a chuireadh sé sin isteach ar a phleananna féin an mhaidin dár gcionn. Agus bhí sé ag súil chomh mór sin leis an lá seo mar nach raibh sé féin agus a athair amuigh ag iascach le fada!

Ach ansin bhuail náire Colm mar gur ag cuimhneamh air féin a bhí sé

seachas ar an gcréatúr bocht a bhí i mbaol a bháis ar an bhfarraige an oíche roimhe sin.

‘Cé a bhí á lorg agaibh, a Dhaid?’ ar seisean.

‘Strainséir,’ arsa a athair. ‘Bhí sé imithe ar strae ina bhád seoil nuair a ghlaoigh sé orainn agus gan tuairim faoin spéir aige cá raibh sé. Chaitheamar an oíche á chuardach. Agus nár thángamar air ar deireadh in Oileán na Rón agus gan aon mhairg air. Níorbh fhiú leis glaoch ar ais orainn lena rá go raibh talamh bainte amach aige agus é slán sábháilte!’

Tháinig goimh ar Cholm. Nár bhocht an scéal é gurbh éigean dá athair agus do chriú an bháid tharrthála a mbeatha a chur i mbaol mar gheall ar phleidhce de strainséir nach raibh sé de bhéas aige a chur in

iúl don bhád tarrthála go raibh sé slán sábháilte ar oileán agus go bhféadfadh sé fanacht ann go maidin. Agus nár bhocht an scéal é chomh maith go raibh a thuras iascaireachta millte ar Cholm ag an bpleidhce céanna! Bhuail sé faoi ag an mbord agus confadh air.

'Is ea, mar sin, a mhic,' arsa a athair go séimh. 'Tá a fhios agam cad a dhéanfaimid. Imigh tusa agus faigh do dheartháir agus is féidir leis an mbeirt agaibh an bád a thógáil amach sibh féin. Tá Tomás críonna a dhóthain chun í a stiúradh anois. Ach ná téigí rófhada amach. Tá fón i do phóca, nach bhfuil? Agus bí siúráilte go bhfuil do dhóthain peitril san inneall agus bígí cinnte go gcuireann sibh oraibh …'

'Na seaicéid tharrthála,' arsa Colm

sula bhfuair a athair seans an abairt a chríochnú.

'Is ea, a mhic,' arsa a athair agus aoibh an gháire air, 'na seaicéid tharrthála. Anois, déanfaidh mise néal go dtiocfaidh Mam abhaile.'

# 2 Áthas agus Mórtas

Níor scaoileadh Colm agus Tomás amach i mbád a n-athar riamh cheana ina n-aonar. Ach bhí Tomás ag iascach le hUncail Beairtle le bliain anuas, agus ba mhinic é ar an stiúir sa bhád iascaigh aigesean. Mar sin bheadh sé ábalta an bád seo acu féin a stiúradh siúráilte.

Bhí sceitimíní ar Cholm. Amach leis ar thóir a dhearthár. Ag binn an tí a fuair sé é. Bhí Tomás ag ní a mhótair. Ghlaoigh Colm air. Freagra ní bhfuair sé, áfach. Ní nach ionadh, mar nár chuala Tomás beag ná mór é. Bhí cluasáin sáite sna cluasa aige agus é ag éisteacht le rac-cheol a fhad is a

bhí sé ag obair. Ar deireadh thiar thall tharraing Colm aird Thomáis air féin agus d'inis sé dó an méid a bhí ráite ag a athair.

'Nílimse ag dul ag iascach,' arsa Tomás go grod. 'Táim ag bualadh le Nóra.'

Baineadh stad as Colm. Chuaigh an freagra sin go smior ann. Ba ghnách le Tomás imirt le Colm gach aon lá. Ach ó d'fhág sé an scoil anuraidh bhí sé ag obair ó dhubh go dubh i mbád Uncail Bheairtle i rith na seachtaine. Agus, ó cheannaigh sé an mótar, bhí sé ag caitheamh gach aon nóiméad saor a bhí aige in éineacht le Nóra, seachas le Colm.

'Ach, a Thomáis,' arsa Colm, 'ní bheidh mise ábalta dul amach i m'aonar! Is maith atá a fhios agat nach mbeadh aon chead agam!'


07K7611

Lean Tomás air ag cuimilt an mhótair le ceirt.

'Ach táim ag súil leis seo le fada,' arsa Colm agus creathán ina ghlór.

'Agus tá coinne agamsa le Nóra!' arsa Tomás. 'Ar aon slí, nach bhfuil an tseachtain ar fad caite agamsa amuigh ar an bhfarraige. Táim bréan di faoin tráth seo!'

Chaith sé an cheirt le Colm. Rug Colm uirthi agus chrústaigh sé uaidh í. D'iompaigh sé ar a shála go tapa agus bhailigh sé leis. Níor theastaigh uaidh go bhfeicfeadh Tomás na deora ina shúile.

Aon stop ní dhearna sé go raibh sé ag an gcladach. Síos le fána leis ansin gur bhain sé amach an ché. Bhí an bád ceangailte leis an gcé. Bhuail smaoineamh é.

'Bíodh an diabhal ag Tomás,' arsa

Colm leis féin. 'Níl faic ina cheann aige Domhnach is dálach ach Nóra, Nóra, Nóra! Agus má mheasann Daid go bhfuil Tomás maith a dhóthain chun an bád a stiúradh, nach bhfuilimse chomh maith céanna leis. Rachaidh mé amach i m'aonar!'

D'oscail Colm an cupard beag a bhí i gceann an bháid. Bhí an dorú, na duáin agus an baoite ann faoi mar a d'fhág sé féin agus a athair iad an oíche roimhe sin. Bhí bosca bladhmanna éigeandála sa chupard leis. Ba í an tsábháilteacht an chloch ba mhó ar phaidrín a athar i gcónaí. Leis sin chuimhnigh sé ar a sheaicéad tarrthála. Rith sé sall go dtí bothán a athar a bhí sa chóngar. D'ardaigh sé an seaicéad tarrthála den chrúca sa bhothán agus bhí sé ar ais arís ag an mbád ar hap an tairne. Léim sé isteach



inti, scaoil sé na téada, tharraing téad an innill agus as go brách leis.

Bhí Colm an-mhórálach as féin agus é ar an stiúir. Ba mhór an sásamh dó torann an innill agus an bád beag ag sníomh idir na bainc ghainimhe agus na carraigeacha. Líon a chroí le háthas agus le mórtas agus é ag déanamh a chúrsa amach as an gcuan i dtreo na farraige móire.

‘D’anam don diucs!’ arsa Colm leis féin. ‘Mise i mbun an bháid i m’aonar! Maróidh mé ualach Éireann maicréal. Cuirfidh mise in iúl do Thomás nach é siúd an t-iascaire is fearr ar an oileán seo, é féin agus Nóra seo aige.’



# 3 Poll an Éisc

Bhíodh Colm agus Tomás bodhar ag éisteacht le Daid ag trácht ar rialacha na farraige gach aon uair a théidís amach ag iascach in éineacht leis. Ba gheall le liodán ag Daid an liosta fada rialacha a bhí aige:

- Ná téigh amach sa bhád i d'aonar.
- Abair le duine éigin cá bhfuil tú ag dul agus cén t-am a bheidh tú ag baile.
- Caith do sheaicéad tarrthála i gcónaí.
- Bíodh fón póca leat agus bíodh sé ag obair.
- Bíodh bladhm éigeandála agus gunna bladhma leat i gcónaí.

- Bí i gcónaí ar d'aire.
- Ná téigh rófhada amach ón gcladach agus ná téigh róchóngarach do na carraigeacha.
- Coinnigh na téada agus na doruithe néata. Ná bídís caite timpeall na háite.
- Bí siúráilte go bhfuil do dhóthain peitril san inneall.
- Ná téigh in aice le Carraig na Caillí.

'Na Deich nAithne' a thugadh Tomás go magúil ar an liodán sin – i ngan fhios dá athair, gan dabht!

Bhí a fhios ag Colm go raibh an chéad dá riail briste aige. Ach nár chuma sin? Bhí fón póca ina phóca aige agus bladhmanna éigeandála sa chupard. Cuireadh peitreal san inneall tuairim is seachtain roimhe sin. Agus ní raibh an tríú riail briste aige ná

baol air! Bhí seaicéad tarrthála breá ag Colm a fuair sé an Nollaig seo a d'imigh tharainn. Ní raibh sé ar nós an ghnáthsheaicéid leis na strapaí ar fad a thugtar do thurasóirí a bhíonn ar thuras báid. Ba gheall le scaif mhór oráiste timpeall ar a mhuineál seaicéad tarrthála Choilm. Dá dtitfeadh sé isteach san uisce líonfadh an seaicéad le haer ar an toirt agus bheadh sé breá sábháilte. Bhí sé díreach ar nós an tseaicéid a bhíodh ar Dhaid agus ar Uncail Beairtle ar an mbád tarrthála. Is ea! Bhí gach rud socraithe ag Colm mar a bheadh ag iascaire ceart. Agus nach mbeadh sé ar ais ag an gcé gan mhoill agus ualach maicréal sa bhád aige!

Bhí an fharraige ina gloine agus ní raibh a oiread is puth gaoithe ann – lá aoibhinn álainn. Tar éis tamaill bhain

Colm amach Poll an Éisc a bhí faoi bhun na haille ag béal an chuain. Anseo a thugadh Daid Tomás agus é féin aon mhaidin Sathairn a mbeadh an deis aige. An-áit iascaigh a bhíodh ann amanna. Ba mhinic a mharaigh siad ualach Éireann maicréal ann. Ach ní raibh a oiread maicréal anois ann, a deireadh Daid, agus a bhíodh fadó. Dar le Daid gur ghnách leis féin lán báid d'iasc a fháil ag Poll an Éisc agus é ina bhuachaill óg. Ní líonfá anois ar lá maith ach cúpla bosca éisc.

Stop Colm inneall an bháid agus d'fhéach sé timpeall air. Ní raibh a oiread is bád amháin eile le feiceáil idir é féin agus fíor na spéire. Bhí an fharraige mhór faoi féin amháin! Réitigh sé na duáin, chuir sé baoite orthu agus chaith sé amach iad. Dá mbeadh leis, ní bheadh aon mhoill



air cúpla maicréal a fháil le tabhairt abhaile don dinnéar.

D’fhan sé tamall. D’fhan sé tamall eile. Faic. Bhí an chuma air nach raibh an t-iasc ag priocadh inniu. Tharraing sé chuige na maidí rámha agus bhog sé leis tamall eile. Chaith sé amach na duáin arís. Shleamhnaigh deich nóiméad thart agus ceathrú uair an chloig eile. Fiche nóiméad níos déanaí arís agus ní raibh aon iasc fós aige. Ar cheart dó casadh ar ais abhaile nó arbh fhiú, b’fhéidir, fanacht tamaillín eile? An rud ba mhó a bhí ag déanamh tinnis dó ná an rud a déarfadh Tomás. Ní fhéadfadh Colm a bheith ag éisteacht leis dá rachadh sé abhaile gan iasc nó dhó ar a laghad.

Ba ansin a chuimhnigh sé ar sheift eile.

## 4 Carraig na Caillí

Ba chuimhin le Colm a athair ag trácht ar Charraig na Caillí, paiste carraige amuigh ón oileán. Ba ansin a théadh sé féin agus Beairtle ag iascach ar uairibh. An-phaiste ab ea an áit sin don iasc, dar le hathair Choilm. Bhí sé tamall maith amach san fharraige, ach ní raibh sé chomh fada amach le hOileán na Rón. Cad ina thaobh a mbíodh a athair á rá leis gan dul ann sa bhád! Ba mhinic a chuaigh Colm chomh fada le hOileán na Rón in éineacht lena athair. Bhainfeadh sé Carraig na Caillí amach gan aon stró.

D'fhiafraigh Colm dá athair uair conas a fuair Carraig na Caillí a

hainm. Scéal scanrúil go maith a bhí ann agus seo mar a d'inis a athair do Cholm é:

'Bhí seanbhean ina cónaí ina haonar ar Oileán na Rón sa seanam, an t-aon duine ar an oileán sin. Bean ait ab ea í. Níor chuir sí isteach ná amach ar mhuintir na n-oileán eile, áfach, agus ní dheachaigh sí riamh ar an míntír. Níor chuir aon duine chuici ná uaithi ar feadh na mblianta go dtí gur tháinig taoiseach óg i seilbh na dúiche.

Bheartaigh an taoiseach óg seo ar chíos a bhaint amach ar a chuid talún agus shocraigh sé go mbeadh ar bhunadh na n-oileán an cíos a íoc chomh maith le muintir na míntíre. Chuaigh an taoiseach mórthimpeall na míntíre go léir ag bailiú a chíosa. Ansin thug sé aghaidh ar na hoileáin.

Fuair sé seisear fear óg chun é a thabhairt amach i mbád. Chuaigh sé ó oileán go hoileán ag bailiú a chíosa agus rinneadh mór is fiú de i ngach aon áit dá ndeachaigh sé. Bhí sé ar tí filleadh ar a cheanncheathrú ar an míntír nuair a dúradh leis go raibh aon bhean amháin ina cónaí ar oileán eile, Oileán na Rón, agus nár bailíodh aon chíos uaithi sin fós. Ós rud é go raibh an tráthnóna ag druidim isteach shocraigh an taoiseach go dtabharfadh sé an oíche ar an oileán ar a raibh sé. Thabharfadh sé faoi Oileán na Rón an chéad lá eile.

Cuireadh fleá agus féasta ar siúl don taoiseach i ndún an cheann feadhna an oíche sin. Bhí rogha gach bia agus togha gach dí ag an bhfleá. Nuair a bhí an fhleá thart chuaigh an taoiseach a chodladh. Agus é ina chodladh bhuail



tromluí é. Sa tromluí chonaic sé bád ag briseadh ar charraig ghéar dhubh. Dhúisigh sé go tobann agus an t-allas ag sileadh leis. Níor chodail sé néal an chuid eile den oíche.

Go breá luath maidin lá arna mhárach d'fheistigh criú an taoisigh an bád. Chuir siad chun farraige agus thug siad aghaidh ar Oileán na Rón. Ní raibh aon fhonn ar an taoiseach aghaidh a thabhairt ar Oileán na Rón tar éis an tromluí a bhí air. Ach bhí eagla air go mbeifí ag magadh faoi dá socródh sé gan cíos a bhaint de dhuine mar gheall ar thromluí. Lá aoibhinn samhraidh a bhí ann, gan puth gaoithe ann ná néal sa spéir. Rámhaigh an criú leo go tréan.
A fhad is a bhí foireann an taoisigh ag rámhaíocht, bhí sé féin ar cheann an bháid.

Ba ansin a chonaic an taoiseach í. Bhí an tseanbhean a raibh sé le cíos a bhaint di ina seasamh ar thrá Oileán na Rón. Bhí a lámh in airde aici agus maide casta de dhair phortaigh ina glac. Bhí cuma naimhdeach mhailíseach uirthi agus í ag monabhar léi féin faoi mar a bheadh sí ag paidreoireacht. Ach ba léir nárbh aon dea-phaidreacha a bhí á rá aici.



Go tobann, tháinig néal dubh aniar aduaidh ón taobh eile d'Oileán na Rón. Sula i bhfad bhí an ghrian clúdaithe. D'éirigh an ghaoth agus thosaigh an bháisteach. Bhuail marbhántacht ait criú an taoisigh. In ainneoin a ndíchill ní raibh siad ábalta an bád a shá chun cinn. Ansin mhothaigh siad sruth láidir ag tarraingt an bháid i dtreo charraig ghéar ard. Bhí sé ag stealladh báistí faoin tráth seo, agus leis na tonnta agus an sruth agus an ghaoth ní raibh an criú ábalta an bád a choinneáil ar an gcúrsa ceart. Briseadh an bád agus bádh an taoiseach óg agus a sheisear criú. Níor thángthas ar choirp an mhórsheisir riamh. Carraig na Caillí a thugtar ar an gcarraig ó shin i leith.'



In ainneoin an teasa tháinig creathán ar Cholm nuair a chuimhnigh sé ar an seanscéal a d'inis a athair dó. Ach chuir sé an scéal agus ar bhain leis glan amach as a cheann nuair a chuimhnigh sé ar na héisc ar fad a gheobhadh sé ag Carraig na Caillí.

Níor thóg sé i bhfad ar Colm an charraig mhór dhubh a bhaint amach. Mhothaigh sé an mórtas farraige anois. Bhí an fharraige ag briseadh ar an gcarraig. Os cionn na carraige in airde bhí faoileáin ag faire amach do na héisc. An-chomhartha!

# 5 Mise an Fear

Ba mhinic a chuala Colm a athair agus a uncail, Beairtle, ag trácht ar an áit seo nuair a bhíodh Beairtle ag bothántaíocht acu sa gheimhreadh. Bhí a fhios ag Colm, mar sin, go raibh carraigeacha báite ann agus gur bheag iascaire a rachadh ann, cé gur phaiste maith don iasc é.

'Tuigeann na maicréil go bhfuil siad sábháilte go maith i gcóngar na carraige,' a deireadh Beairtle. 'Tá siad glic go maith, ní foláir.'

Ach an-iascairí ab ea athair Choilm agus Uncail Beairtle. Bhí a fhios acu conas a slí a dhéanamh go cúramach timpeall na gcarraigeacha ag Carraig



na Caillí.

Ach nach raibh Colm múinte go maith ag a athair? Ní raibh aon amhras ar Cholm ach go mbeadh sé féin ábalta a shlí a dhéanamh timpeall na gcarraigeacha chomh maith.

'Mise an fear,' arsa Colm leis féin nuair a bhí an bád i gcóngar na carraige.


Mhúch Colm an t-inneall agus chaith sé amach a dhorú. Ní raibh an dorú ach nóiméad san uisce nuair a bhraith Colm tarraingt air. Tharraing sé isteach an dorú chomh tapa agus ab fhéidir leis. Maicréal breá mór! Líon croí Choilm le háthas agus le mórtas agus é ag féachaint ar an iasc breá mór faoina chosa, an ghrian ag lonrú ar a lanna. Bhain sé an duán as a bhéal, chuir baoite eile ar an duán agus chaith sé amach arís é. Shuigh sé siar ar a sháimhín só, agus bhí uisce

lena fhiacla agus é ag cuimhneamh ar an dinnéar breá a bheadh aige níos déanaí.

Bhí an ghrian go hard sa spéir faoin tráth sin. Lá meirbh marbhánta a bhí ann, gan le cloisteáil ach lapadaíl na dtonn ar thaobhanna an bháid, scréachach léanmhar na bhfaoileán agus ….

Ó, a Mhuire Mháthair! Chuala Colm tóin an bháid ag scríobadh ar charraig. Lig an t-adhmad díoscán diamhair as! Ba bheag nár thit an t-anam as Colm. Rug sé ar na maidí rámha agus sháigh leis amach ó Charraig na Caillí. D'fhéach sé síos ar thóin an bháid agus a chroí ina bhéal aige. Dá mbeadh sí pollta bheadh a phort seinnte.

Ach ní raibh aon pholl le feiceáil. Bhí an chuma air nach raibh ann ach scríob bheag.



'Buíochas mór le Dia nár réabadh na cláir!' arsa Colm leis féin le teann faoisimh.

Chroith sé suas é féin. Chuimhnigh sé ar cheann de rialacha a athar: Bí i gcónaí ar d'aire. Chaithfeadh sé a bheith níos airí as seo amach. Thuig sé gurb í an fharraige an máistir. D'fhéach sé ar a bhaoite arís chun deimhin a dhéanamh de go raibh sé fós ar an duán. D'fhan sé ansin ag súil le hiasc breá aon nóiméad agus súil in airde aige i rith an ama ar eagla go mbuailfeadh sé carraig bháite eile. D'fhan sé agus d'fhan sé go foighneach.

Go tobann mhothaigh Colm an-ait, faoi mar a bheadh marbhántacht éigin air. Ní raibh breoiteacht fharraige riamh roimhe sin air; cad ina thaobh a mbeadh sí anois air? Ach bhí masmas

éigin ait air, cinnte. Bhí mearbhall ina cheann agus mhothaigh sé go raibh sé chun titim i laige. Nach trua nár thug sé hata leis ar maidin, mar bhí an ghrian ag spalpadh anuas ar a cheann um an dtaca seo. Ansin, ar thiontú do bhoise, bhuail fuacht Colm, in ainneoin an teasa, agus tháinig creathán air. An rud ab aite faoi, ní raibh a oiread is puth gaoithe ann. Dar leis go raibh sé in am aige cur de abhaile, fiú amháin mura raibh aige ach an t-aon iasc amháin. Chaithfeadh sé a bheith ar ais ag baile sula bhfillfeadh Mam ón obair, ar aon slí. D'fhéadfadh sé a rá go raibh sé ag iascach ón gcé, agus ní bheadh a fhios ag aon duine a mhalairt.

Chas sé timpeall chun téad an innill a tharraingt. Agus é ag casadh timpeall cheap sé go bhfaca sé cruth

ait éigin as cliathán a shúil ar Oileán na Rón. D'fhéach sé i dtreo Oileán na Rón arís. D'fhéach sé go géar ach bhí scáil ar an oileán anois. Leis an marbhántacht a bhí air mhothaigh sé go raibh scamall os comhair a shúl chomh maith. Chuimil sé a shúile agus d'fhéach arís. A thiarcais! An



raibh spéireataí air? Cheap sé ar feadh leathshoicind go bhfaca sé duine éigin ar an trá. Bean. Seanbhean – í gléasta ó bhonn go baithis in éadaí dubha. A lámh in airde agus maide ina glac aici! Cuma naimhdeach mhailíseach uirthi! Nach mór gur thit an t-anam as Colm. Ba dhóbair dó titim isteach san uisce leis an scéin a bhuail é.

# 6 An Phraiseach ar fud na Mias

Ar ámharaí an tsaoil níor thit Colm isteach san uisce ach bhí gearranáil air ón scéin a bhuail é. Tar éis tamaill, áfach, mhothaigh sé go raibh a léargas níos soiléire agus go raibh an ghearranáil ag maolú. D'fhéach sé arís ar Oileán na Rón. Faic. Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ar an trá, ná ar an ard, ná in aon áit eile ar an oileán. Thóg sé tamaillín eile air teacht chuige féin i gceart. Faoi dheireadh tháinig aoibh an gháire air arís. Nár mhór an t-amadán é! Scéalta áiféiseacha a athar. Ní raibh ann an t-am ar fad ach scáil ó na scamaill dhubha a bhí ag éirí

aníos de dhroim na gcnoc ar Oileán na Rón. Chroith Colm a cheann agus goimh air leis féin, agus tharraing sé isteach an dorú chun tabhairt faoin mbaile arís.

Ba ansin a thug sé faoi deara go raibh an bád ag tógáil uisce. Ní scríob bheag a bhí ann tar éis an tsaoil! Bhí an t-uisce ag sní isteach go mall réidh. Dá ndéanfadh sé deabhadh bhainfeadh sé talamh amach sula mbeadh sé i mbaol. Ní raibh aon nóiméad le spáráil aige, áfach, agus ní raibh aon fhonn air moill a dhéanamh ach an oiread. Rug sé ar théad an innill agus tharraing sé ar a mhíle dícheall í.

Ní raibh gíog ná míog as an inneall. B'ait le Colm é mar scéal. Inneall maith a bhí ann a thosaíodh ar an gcéad iarracht i gcónaí. Tharraing

sé an téad arís. Agus arís eile. Bhí sé ag éirí buartha anois. Tharraing sé agus tharraing sé an téad go dtí go raibh pian ina lámh aige. Ach níorbh aon mhaitheas a bheith leis! Ní raibh gíog ná míog as an inneall.



D’fhéach sé isteach san umar peitril. D’anam don diucs, is amhlaidh nach raibh aon deoir peitril san inneall! Pé amadántacht a bhí ar Cholm ar maidin, dhearmad sé féachaint an raibh peitreal san inneall.

Bhí an phraiseach ar fud na mias i gceart anois. Chaithfeadh Colm smaoineamh go tapa. Gan an t-inneall ní bhainfeadh sé amach an talamh choíche agus an bád ag tógáil uisce. Ach dá bhféadfadh sé rámhaíocht chomh fada le hOileán na Rón, b’fhéidir go mbeadh aige. Ar a laghad bheadh sé sábháilte ann agus d’fhéadfadh sé glaoch as sin ar a athair.

Shocraigh sé na maidí rámha agus tharraing ar a mhíle dícheall. Tharraing sé agus tharraing sé. Bhí a shúile dúnta leis an iarracht



aige agus mhothaigh sé go raibh sé ag scinneadh tríd an uisce. Faoi cheann tamaill lig sé na maidí le sruth ar feadh nóiméid chun go dtarraingeodh sé a anáil. D'oscail sé a shúile. Ar dtús níor thuig sé cad a bhí ar bun. Nuair a thuig, ní raibh sé ábalta é a chreidiúint. In ainneoin a thréaniarrachta go léir ní raibh sé bogtha a oiread is fad coiscéim coiligh!

Bhí a bhróga fliuch anois agus bhí an t-uisce suas go dtí na hailt air. Ní raibh aon chuma rómhaith ar chúrsaí. Ní raibh sé ábalta bogadh, agus mura mbogfadh sé líonfadh an bád le huisce. Bhí an scéal práinneach go maith anois!

Rinne Colm machnamh tapa ar a chás, ag iarraidh réiteach éigin a fháil. Ansin, thug sé faoi deara rud éigin eile a chuir a dhóthain iontais air.

Ní raibh an bád ag dul faoi. Conas a d'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist? Bhí poll sa bhád agus bhí an sáile ag sní isteach agus bhí tóin an bháid lán cheana féin. Ní raibh bhrí ná dealramh leis. Shín sé maide rámha isteach san fharraige lena fháil amach cad a bhí faoin mbád. Is ansin a thuig sé cad ina thaobh nach raibh an bád ag dul faoi. Bhí sí greamaithe ar charraig ghéar!

# 7 An Lug ar an Lag

Ní raibh an dara rogha ag Colm anois. Chaithfeadh sé glaoch a chur ar a athair as Carraig na Caillí agus iarraidh air teacht chun é a shábháil. Bhí an bád pollta go cinnte. Fiú amháin dá mbeadh sé ábalta í a bhaint den charraig, bhí sé siúráilte go rachadh sí cruinn díreach go tóin poill dá ndéanfadh sé iarracht Oileán na Rón a bhaint amach.

Ní raibh ach an t-aon ní amháin le déanamh anois aige. Thóg sé amach an fón póca go pras. Bhí a fhios aige go mbeadh a athair le ceangal nuair a chloisfeadh sé faoin scéal seo go léir. Ní hamháin gur imigh Colm amach

sa bhád ina aonar ach bhí damáiste déanta aige di ar na carraigeacha. Ní raibh a fhios aige cad a déarfadh sé lena athair. Agus bhí sé sceimhlithe faoina ndéarfadh a athair leis. Ach ba chuma faoi sin anois. Ní raibh ach an t-aon ní amháin uaidh, agus ba é sin a bheith slán sábháilte ag baile in éineacht lena mhuintir. Bhí a mhéara leata leis an bhfuacht faoin tráth seo agus ba dheacair dó an cnaipe a bhrú chun an fón a chur ar siúl.

Níor las an fón in aon chor. A Dhia na bhfeart! Mar bharr ar an donas, bhí bataire a fhóin phóca marbh! Thit an lug ar an lag ar Cholm. Bhí a phort seinnte go cinnte anois. Chrom sé a cheann agus thosaigh sé ag gol.

Ní fheadar Colm cén fad a thug sé mar sin. Thosaigh sé ag smaoineamh ar an seans a bheadh ann go dtiocfadh



a athair amach á chuardach go luath. Bheadh a mháthair ag baile ón obair sula i bhfad. B'fhéidir go mbeadh tamall ann sula dtabharfadh a thuismitheoirí faoi deara nach raibh sé ag baile. Dá rachaidís á chuardach, áfach, an dtabharfaidís faoi deara go raibh an bád imithe? Agus dá dtabharfaidís féin, an rithfeadh sé leo in aon chor gur anseo ag Carraig na Caillí a bheadh sé?

Bhí sé ina chlapsholas faoin tráth seo. Bhí fuacht ag teacht ar Cholm arís. Ní raibh aon seaicéad á chaitheamh aige. Dá mbeadh sé ar Oileán na Rón féin, bheadh sé ábalta tine a lasadh chun é féin a théamh. Ach anseo ag Carraig na Caillí i lár na farraige ní raibh slí ar bith aige chun teas a choimeád sna cnámha. Agus bhí an chuma air go mbeadh sé ina shuí

ansin sa bhád ag Carraig na Caillí go ceann i bhfad.

Go tobann bhuail smaoineamh é. Na bladhmanna éigeandála! Thug sé faoi cheann an bháid. Tharraing sé amach bosca na mbladhmanna éigeandála as an gcupard beag. Ghabh sé buíochas ó chroí le Dia go raibh na bladhmanna curtha isteach ann ag a athair. D'oscail sé an bosca. Thóg sé amach ceann de na bladhmanna. Thóg sé amach an gunna bladhma, chuir sé isteach an bhladhm agus shín sé in airde a lámh faoi mar a thaispeáin a athair dó. Chuir sé méar ina chluas agus dhún sé a shúile.

Stad sé. Ní bheadh aon chiall le bladhm a scaoileadh anois. Mura rabhthas á chuardach gach aon seans nach bhfeicfí an bhladhm in aon chor. Cad a dhéanfadh sé, mar sin?

Ní raibh sé ábalta aon ní a dhéanamh, ach fanacht.



# 8 Dorchadas

Thit an oíche agus thit an teocht. Bhí Colm ar crith anois leis an bhfuacht agus leis an eagla. Bhí trí bhladhm éigeandála aige, ach b'shin a raibh aige. Dá scaoilfeadh sé iad agus gan aon duine á chuardach, bheidís imithe gan mhaith. Thosaigh an ghaoth ag éirí. Bhí Colm ag guí nach n-éireodh an aimsir níos measa.

Agus é ina shuí ansin sa dorchadas is mó rud a chuaigh trí cheann Choilm. Bhí aithreachas air gur thug sé amach an bád, gan dabht. Ach bhí sé scanraithe chomh maith. Smaoinigh sé ar a athair agus ar a mháthair. Smaoinigh sé ar a dheartháir, Tomás.

Cé go mbíodh Tomás á chiapadh agus á chrá ar uairibh, mhothaigh sé uaidh anois é. Bhí eagla ar Cholm nach bhfeicfeadh sé a mhuintir go deo arís.

Bhí sé díreach ag smaoineamh air seo nuair a chonaic sé loinnir bheag i bhfad uaidh. Solas! An ar an míntír nó ar an bhfarraige a bhí sé? An bád a bhí ann, seans ar bith? Thosaigh Colm ag screadach agus ag caitheamh a lámha san aer. Ach cad ab fhiú dó é sin a dhéanamh? Bhí sé dorcha agus ní chloisfeá an gunna bladhma féin sa ghaoth. Gan dabht, na bladhmanna! Rug Colm ar an ngunna, d'ardaigh sé os a chionn in airde arís é agus tharraing sé an truicear.

Níor tháinig aon bhladhm amach. Bhain Colm amach as an ngunna í. A Dhia na bhfeart, bhí sí tais! Ní foláir nó go ndeachaigh braon uisce


isteach sa chupard agus gur fliuchadh na bladhmanna. Bhí dhá bhladhm eile aige. Le cúnamh Dé bheadh ar a laghad ceann amháin acu nach raibh tais. Chuir Colm an dara bladhm isteach sa ghunna agus d'ardaigh sé arís é. Chuala sé siosarnach beag as nuair a tharraing sé an truicear, ach b'shin a raibh. Ceann eile tais! Ní raibh ach an t-aon bhladhm amháin fágtha anois aige. Chuir sé isteach sa ghunna í. D'ardaigh sé a lámh. Tharraing sé an truicear. Dúirt sé paidir bheag …

Baing! Suas, suas, sa spéir leis an mbladhm. Las sí agus bhí an spéir, an fharraige agus Carraig na Caillí faoi bharr lasrach.

Níorbh fhada go bhfaca Colm an solas ag teacht ina threo. Ansin chuala sé torann innill ag déanamh air. Faoi



cheann deich nóiméad bhí a athair, Beairtle agus Tomás á tharraingt isteach sa bhád tarrthála. Bhí Colm cinnte go bhfaigheadh sé a bheith aige óna athair agus a fhios aige go raibh sé tuillte go maith aige. Bhí sé tar éis dul amach sa bhád ina aonar, bhí an bád pollta aige agus gan dabht bhí imní curtha aige ar gach aon duine. Ní fheadar aon duine ach an t-iontas a bhí air, mar sin, nuair a rug a athair air agus nuair d'fháisc sé isteach lena ucht é.



Ní dúirt a athair ach ‘Buíochas mór le Dia go bhfuil tú slán sábháilte!’

Ní bhfuair Colm dinnéar maicréil an oíche sin, ná an oíche ina dhiaidh sin. Ar chúis éigin, ní raibh aon fhonn air chuige.

Ach bhí aon rud amháin aige mar thoradh ar an eachtra. Is é sin fuílleach taithí siúinéireachta. Chaith sé cabhrú lena athair an bád a dheisiú gach aon lá tar éis scoile.



An phaiste don iasc ab ea Carraig na Caillí, dar le hathair Choilm. Cad ina thaobh, mar sin, a mbíodh a athair á rá le Colm gan dul in aice léi nuair a bhíodh sé amuigh ag iascach?

ISBN 978-1-85791-736-9

9 781857 917369

An Gúm